Scéala Báis

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi aisteoir cáiliúil a fuair bás. Sula bhféachfaidh tú ar an tuairisc pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

An bhfaca tú *Strumpet City*, *Fawlty Towers* nó *Charlie and the Chocolate Factory* riamh?

Cén t-eolas atá agat faoin aisteoir David Kelly?

Fuair aisteoir/ceoltóir eile bás ar na mallaibh, cé a bhí ann?

Ceist 2 Anois féach ar an tuairisc cúpla uair agus déan iarracht an leagan Gaeilge de na focail seo thíos a aimsiú inti. Ansin cuir do chuid freagraí i gcomparáid le cinn an duine in aice leat.

An bhfuil mórán díobh ar eolas agat sula bhféachann tú ar an tuairisc?

1. colleagues _____
2. lamenting _____
3. eighty _____
4. fifty _____
5. abroad _____
6. British audience _____
7. nomination _____
8. he was a great actor _____
9. lifetime achievement award _____
10. he is survived by _____

Ceist 3 Anois féach ar an tuairisc arís agus déan iarracht freagraí na gceisteanna seo a aimsiú. Ansin pléigh na freagraí leis an duine in aice leat.

1. Cén aois a bhí David Kelly nuair a fuair sé bás?
2. Cén fhad a chaith se ag aisteoireacht agus cén áit?
3. Ar bhuaigh sé Oscar riamh?
4. Cad eile a rinne sé, ar leith ón aisteoireacht?
5. Cad é an gradam is mó a fuair sé ina shaol?

Ceist 4 Cuidigh le Niall Tóibín Gaeilge a chur ar '*above and beyond all praise'*

thar _____ _____

Is mó nath cainte atá ann leis an fhocal 'thar'. Cuir na cinn thíos in abairtí lena mbrí a léiriú.

thar am / thar a bheith / thairis sin

Ceist 5 '*ina chroí istigh*'

(a) Cad is brí leis an nath sin?
(b) Cad is brí leis na nathanna seo anois:

Tá mo chroí istigh ionat
Is tú mo ghrá
Mo ghrá thú
Tá mé i ngrá leat

(c) Anois, cad iad na hainmneacha grá a thabharfá ar do ghrá gheal?

. . .a chroí, a thaisce. . .

(d) Cad é an tuiseal gairmeach? Bain úsáid as na hainmneacha seo a leanas chun na rialacha a bhaineann leis a mhíniú.

Máire Seán Breandán Clár

Ceist 6 Scríobh cárta Vailintín anois ag baint úsáide as an eolas faoi cheist 5.

Treoracha agus Freagraí
Ceist 1
Plé atá i gceist leis an ghníomhaíocht seo mar réamhullmhúchán.

Ceist 2

1. colleagues	*comhghleacaithe*
2. lamenting	*ag cásamh*
3. eighty	*ceithre scór*
4. fifty	*leathchéad*
5. abroad	*thar lear*
6. British audience	*lucht féachana na Breataine*
7. nomination	*ainmniúchán*
8. he was a great actor	*aisteoir iontach ba ea é*
9. lifetime achievement award	*gradam saoil*
10. he is survived by	*maireann*

Ceist 3
1. Bhí sé dhá bhliain is ochtú/is ceithre scór.
2. Chaith sé caoga bliain ag aisteoireacht ar an stáitse agus ar an scáileán in Éirinn agus thar lear.
3. Níor bhuaigh, bhíothas ag súil go bhfaigheadh sé ainmniúchán le haghaidh Oscar dá ról sa scannán *Charlie and the Chocolate Factory*.
4. Bhí an-suim aige san ealaín agus chaith sé a lán ama ag péintéireacht.
5. Bhain sé gradam saoil amach ó Acadamh Scannán agus Teilifíse na hÉireann i 2005.

Ceist 4
'Thar mholadh beirte'

thar am – about time
thar a bheith – very / exceedingly
thairis sin – moreover

Ceist 5
'*ina chroí istigh*'

(a) In his heart of hearts.
(b) *Tá mo chroí istigh ionat – I'm devoted to you*
Is tú mo ghrá – I love you
Mo ghrá thú – I love you
Tá mé i ngrá leat – I'm in love with you

(c) . . .a chroí, a thaisce, a stór, a ghrá, a rún, a ghrá gheal, a mhuirnín . . .

(d) Nuair a dhírítear caint dhíreach ar ainmfhocal (duine) séimhítear na hainmfhocail nuair is féidir. Is é sin an t-aon athrú a dhéantar ar ainmneacha ban – séimhiú amháin. Caolaítear ainmneacha fear go minic (an chéad díochlaonadh) ach ní i gcónaí.

A Mháire A Sheáin A Bhreandáin A Chláir

Ceist 6
Iarr orthu cárta Vailintín a scríobh, ag úsáid an eolais ó cheist 5.

Eimear Ní Chonaola
Tá comhghleacaithe agus cairde ag cásamh bhás an aisteora aitheanta David Kelly. Bhí sé dhá bhliain le cois na ceithre scór agus bhí sé tinn le tamall.

Siún Nic Gearailt
Chaith David Kelly breis is leathchéad bliain ar stáitsí agus ar an scáileán anseo agus thar lear. Bhain sé an-cháil amach don pháirt[i] 'Rashers Tierney' i *Strumpet City* sna hochtóidí. Ach ba é a pháirt i *Fawlty Towers* mar thógálaí a chuir in aithne do lucht féachana na Breataine é agus go hidirnáisiúnta. Le déanaí ghlac sé páirt athair críonna Charlie sa scannán *Charlie and the Chocolate Factory* agus bhí caint ann go mb'fhéidir go bhfaigheadh sé ainmniúchán do ghradam Oscar don ról sin. Ach, bhí grá eile ag David Kelly a d'aithin[ii] a chairde go maith.

Niall Tóibín, aisteoir
Dá gcuirfeá ceist air *you know 'What are you? 'Oh I'm a painter'*, mar b'shin é an rud a bhí ina chroí i gcónaí - an ealaíontacht[iii] agus mar sin de agus aisteoir iontach ab ea é agus *comic above and beyond all praise*. Ach déarfainn gur ina chroí istigh, gurb é, *you know*, an scuaibín a bhí, *you know*, ba ghile leis.

Siún Nic Gearailt
Fuair David Kelly go leor gradam – ina measc, gradam saoil an IFTA (Acadamh Scannán agus Teilifíse na hÉireann) i 2005. Maireann a bhean chéile Laurie, a mhac David agus a iníon Miriam.

---

[i] *don bpáirt* a deirtear
[ii] *a dh'aithin* a deirtear
[iii] *ealaíontóireacht* a deirtear